# Cairt Chustaiméara

## An rud a dhéanaimid

**Tá Northern Ireland Electricity freagrach as tógáil agus cothabháil an mhogalra leictreachais ar fud Thuaisceart Éireann. Ba chóir do chustaiméirí dul i dteagmháil linn má theipeann ar an soláthar leictreachais, le cónasc a chruthú le teach nua nó ionad gnó nó má bhíonn ceist agat faoin mhéadar leictreachais.**

## Ár ngealltanas duit

**Is é d'aidhm ag NIE seirbhís den chéad scoth, a bhfuil luach ar airgead aige, a thabhairt dár gcustaiméirí uilig.**

**Líne Chabhrach do Chustaiméirí 03457 643 643**

# Cairt Chustaiméara

Cinnteoidh muid:

- Go mbeidh foireann eolach fhreagrach ar fáil le comhairle faoinár gcuid seirbhísí a thabhairt duit
- Go mbeidh ár gcuid seirbhísí ar fáil dár gcustaiméirí uilig
- Go mbeidh sé furasta dul i dteagmháil linn
- Go réiteoidh muid do chuid fadhbanna go gasta éifeachtach

**Cáilíochtaí seirbhísí do chustaiméirí**

Cuirimid seirbhísí ar fáil do chustaiméirí de réir cáilíochtaí reachtúla. Mar sin, réiteoidh muid na fadhbanna go gasta éifeachtach, fiú go bhfuil cónasc le teach nua nó ionad gnó, nó fabht leictreachais, nó fadhb ar bith eile le do sholáthar leictreachais i gceist.
Mura n-éiríonn linn cloí leis na cáilíochtaí seo beidh íocaíocht ó NIE i ndán duit (le theacht ar lánshonraí tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin **www.nie.co.uk** nó gabh i dteagmháil linn ar ár Líne Chabhrach do Chustaiméirí **03457 643 643**).

**Cód Cleachtais**

Ghlac le hÚdarás Thuaisceart Éireann um Rialachán Fhóntais Phoiblí ár gCód Cleachtais de réir théarmaí is choinníollacha ár gceadúnais. Chuaigh muid i gcomhairle leis an Chomhairle Tomhaltóirí fosta.
Thig leat cuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin **www.nie.co.uk** leis an Chód Cleachtais le 'Gearán a dhéanamh', a fheiceáil nó a íoslódáil. Tá an cód seo ar fáil i roinnt teangacha éagsúla fosta. Go malartach, gabh i dteagmháil linn ar ár Líne Chabhrach do Chustaiméirí ar **03457 643 643** agus cuirfidh muid cóip chugat.

## Líne Chabhrach do Chustaiméirí
## 03457 643 643
## Ar fáil 8.30r.n.-5i.n. ó Luan go hAoine agus 24 uair sa lá má theipeann ar an soláthar leictreachais. Cuirtear glaonna ar thaifead le haghaidh dhearbhú cáilíochta.

## Le dul i dteagmháil linn

**Líne Chabhrach do Chustaiméirí**

- Cuirimid seirbhísí gutháin faisnéise ar fáil 8.30r.n.-5.00i.n., Luan go hAoine. Tá an tseirbhís ar fáil 24 uair sa lá le teip ar sholáthar leictreachais a thuairisciú. Cuir scairt ar NIE ar **03457 643 643** (ag costas áitiúil ó áit ar bith i dTuaisceart Éireann).

**An Méadar a léamh**

- Má chailleann tú fear an mhéadair, thig leat dul i dteagmháil linn, leis an léamh méadair a thabhairt dúinn, taobh istigh de lá oibre amháin le bheith cinnte go bhfaighidh tú bille cruinn. Tá an tseirbhís seo ar fáil 24 uair sa lá.
- Cuir scairt ar ár seirbhís uathoibríoch ar **03456 093 030**. Nuair a spreagtar thú tabhair d'uimhir chustaiméara, d'ainm, do sheoladh, postchód agus léamh méadair dúinn.
  Go malartach, thig leat ríomhphost a chur chugainn ar **meter.reading@nie.co.uk** nó léamh méadair a chur chugainn ar ár suíomh gréasáin: **www.nie.co.uk**

**Minicom**

- Ba chóir iad a bhfuil téacsghutháin in úsáid acu dul i dteagmháil linn ar ár Líne Mhinicom ar **03457 147 128.**
  Tá an tseirbhís ar fáil 24 uair sa lá le teip ar sholáthar leictreachais a thuairisciú.

**Suíomh Gréasáin**
Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ar **www.nie.co.uk,** le do thoil.
**Ríomhphost**
Cuir ríomhphost chugainn le do thoil, ar **customercontact@nie.co.uk**